



2025/1400

17.7.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1400 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Iúil 2025

maidir le húdarú bláthola lus an phiobair ó *Mentha × piperita* L., bláthola sáiste tormáin ó *Salvia sclarea* L. agus bláthola sáiste ó *Salvia officinalis* L. mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 déantar foráil maidir le húdarú breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú. Le hAirteagal 10(2) den Rialachán déantar foráil maidir le hathmhéastóireacht a dhéanamh ar bhreiseáin a údaraíodh de bhun Threoir 70/524/CEE ón gComhairle ⁽²⁾.
- (2) Rinneadh na substaintí bláthola lus an phiobair ó *Mentha × piperita* L., bláthola sáiste tormáin ó *Salvia sclarea* L. agus bláthola sáiste ó *Salvia officinalis* L. a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch gan teorainn ama i gcomhréir le Treoir 70/524/CEE mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch. Ina dhiaidh sin cuireadh na substaintí sin i gClár na mBreiseáin Beathaithe mar tháirgí a bhí ann cheana, i gcomhréir le hAirteagal 10(1), pointe (b) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 i gcomhar le hAirteagal 7 de, cuireadh isteach iarratas maidir le húdarú bláthola lus an phiobair ó *Mentha × piperita* L., bláthola sáiste tormáin ó *Salvia sclarea* L. agus bláthola sáiste ó *Salvia officinalis* L. mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch, iarratas ina n-iarrtar go n-aicmeofaí na breiseáin i gcatagóir na mbreiseáin 'breiseáin chéadfacha' agus san fheidhmghrúpa 'comhdhúile blaitithe'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas.
- (4) D'iarr an t-iarratasóir go ndéanfaí na substaintí lena mbaineann a údarú freisin lena n-úsáid in uisce óil. Mar sin féin, le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ní cheadaítear 'comhdhúile blaitithe' a údarú lena n-úsáid in uisce óil. Dá bhrí sin, níor cheart úsáid na mbreiseáin seo in uisce óil a cheadú.
- (5) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sna tuairimí uaidh an 16 Deireadh Fómhair 2024 ⁽³⁾, an 20 Samhain 2024 ⁽⁴⁾, an 26 Samhain 2024 ⁽⁵⁾, go bhfuil bláthola lus an phiobair ó *Mentha × piperita* L. sábháilte suas go dtí an t-uasleibhéal úsáide 12 mg/kg d'ábhar beatha iomlán le haghaidh gach speicis ainmhíoch, agus go bhfuil bláthola sáiste tormáin ó *Salvia sclarea* L. agus bláthola sáiste ó *Salvia officinalis* L. sábháilte ag uastíuchain áirithe a shonraítear a thuilleadh le haghaidh gach speicis. Tháinig sé ar an gconclúid freisin nár sainaithníodh aon ábhar inní do thomhaltóirí maidir le bláthola lus an phiobair ó *Mentha × piperita* L. a úsáid suas go dtí an t-uasleibhéal úsáide agus nach meastar go mbeidh riosca ag baint léi don chomhshaol ar an uasleibhéal úsáide atá beartaithe. Thairis sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhfuil úsáid bláthola sáiste tormáin ó *Salvia sclarea* L. agus bláthola sáiste ó *Salvia officinalis* L. sábháilte do na tomhaltóirí agus don chomhshaol faoi na

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ Treoir 70/524/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1970 maidir le breiseáin in ábhair bheatha (IO L 270, 14.12.1970, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1970/524/oj>).

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA], 22(11), e9016. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.9016>.

⁽⁴⁾ EFSA Journal [Iris EFSA], 23(1), e9076. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9076>.

⁽⁵⁾ EFSA Journal [Iris EFSA], 22(12), e9135. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.9135>.

coinníollacha úsáide atá beartaithe. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur cheart bláthola lus an phiobair ó *Mentha × piperita* L., bláthola sáiste tormáin ó *Salvia sclarea* L. agus bláthola sáiste ó *Salvia officinalis* L. a mheas mar ghreannaitheoirí don chraiceann agus do na súile, agus mar íogróirí deirmeacha agus riospráide. Thairis sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid, ós rud é go bhfuil bláthola lus an phiobair ó *Mentha × piperita* L., bláthola sáiste tormáin ó *Salvia sclarea* L. agus bláthola sáiste ó *Salvia officinalis* L. aitheanta mar bhlastáin bhia agus go mbeadh an fheidhm atá acu i mbeatha, go bunúsach, mar an gcéanna leis an bhfeidhm atá acu i mbia, nach meastar go bhfuil gá le haon léiriú éifeachtúlachta breise. D'fhóirigh sé freisin an tuarascáil ar an modh a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar na mbreiseáin bheathaithe in ábhar beatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

- (6) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann bláthola lus an phiobair ó *Mentha × piperita* L., bláthola sáiste tormáin ó *Salvia sclarea* L. agus bláthola sáiste ó *Salvia officinalis* L. na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na substaintí sin a údarú mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí na mbreiseán a chosc.
- (7) Measann an Coimisiún nach gá, ar chúiseanna sábháilteachta, uasleibhéil a shocrú le haghaidh bláthola lus an phiobair ó *Mentha × piperita* L., bláthola sáiste tormáin ó *Salvia sclarea* L. agus bláthola sáiste ó *Salvia officinalis* L.. Chun go mbeidh rialú níos fearr ann, ba cheart an t-uaschion molta a shonrú ar lipéad na mbreiseán beathaithe. I gcás ina sárófar an t-uaschion molta, ba cheart faisnéis áirithe a shonrú ar lipéad na réamh-mheascán lena mbaineann.
- (8) Ós rud é nach gá na modhnuithe ar choinníollacha údaráithe na substaintí lena mbaineann a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do pháirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as an údarú a chomhlíonadh.
- (9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

Na substaintí a shonraítear san Iarscríbhinn agus a bhaineann le catagóir na mbreiseán 'breiseáin chéadfacha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'comhdhúile blaistithe' údaráítear iad mar bhreiseán beathaithe i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Bearta idirthréimhseacha

1. Na breiseáin bheathaithe bláthola lus an phiobair ó *Mentha × piperita* L., bláthola sáiste tormáin ó *Eucalyptus globulus* Labill. agus bláthola sáiste tormáin ó *Salvia officinalis* L., mar a údaráítear iad de bhun Threoir 70/524/CEE, agus réamh-mheascáin a bhfuil na breiseáin sin iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 6 Feabhra 2026 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 6 Lúnasa 2025, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe.
2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha ina bhfuil na breiseáin bheathaithe dá dtagraítear i mír 1, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 6 Lúnasa 2026 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 6 Lúnasa 2025, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.
3. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha ina bhfuil na breiseáin bheathaithe dá dtagraítear i mír 1, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 6 Lúnasa 2027 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 6 Lúnasa 2025, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.

*Airteagal 3***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaitithe								
2b282-eo	Bláthola lus an phiobair	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin:</i> Bláthola ó chodanna sofheicthe <i>Mentha × piperita</i> L. (basionym: <i>Mentha aquatica × Mentha spicata</i> L.) Foirm leachtach <i>Saintréithriú na substainte gníomhaí</i> Bláthola lus an phiobair Bláthola, mar atá sainithe ag An Chomhairle Eorpach ⁽¹⁾ , agus a fhaightear ó chodanna sofheicthe (agus na duilleoga le bláthanna nó gan iad) ó <i>Mentha × piperita</i> L., trí ghaldriogadh agus comhdhlúthú breise na gcomhábhar luaineach agus a scaradh ón bpas uiscí trí scinceáil. Uimhir CAS: 8006-90-4 Einecs: 308-770-2 Uimhir FEMA: 2848 Uimhir Chomhairle na hEorpa: 282 Sonraíochtaí: Meantól: 30-55 % Meantón: 13-32 % <i>d,l</i> -Isimeantón: 1,5-10 % Aicéatáit mheantóil: 2-10 %	Gach speiceas ain- mhíoch	-	-	-	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ar lipéad an bhreiseáin, sonrófar an méid seo a leanas: ‘Uaschion molta na substainte gníomhaí in aghaidh an chileagraim d’ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: 12 mg.’ 4. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsaíde atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar lipéad an réamh-mheascáin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis.	6 Lúnasa 2035

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
		1,8-Ciniól (eocalaptól): 2-8 % Púlagón: ≤ 1,72 % Meantafúrán ≤ 4,54 % β-tújón: ≤ 0,01 % Cúmairin: ≤ 0,001 % Eistriogól: ≤ 0,001 % Modh anailíse (?) Maidir le meantól agus meantón (marcóirí fíticheimiceacha) sa bhreiseán beathaithe a chinneadh: — Crómatagrafaíocht gháis cúpláilte le brath ianúcháin lasrach (GC-FID) (ISO 856)					5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	

⁽¹⁾ *Natural sources of flavourings - Report No. 2* ('Foinsí nádúrtha blastán - Tuarascáil Uimh. 2'] (2007).

⁽²⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaitithe								
2b415-eo	Bláthola sáiste tormáin	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin:</i> Bláthola as gais bhláthaithe de <i>Salvia sclarea</i> L. Foirm leachtach <i>Saintréithriú na substainte gníomhaí</i> Bláthola sáiste tormáin: Bláthola, mar atá sainithe ag An Chomhairle Eorpach ⁽¹⁾, a fhaightear ó ghais bhláthaithe úra nó thriomaithe <i>Salvia sclarea</i> L. trí ghaldriogadh agus comhdhlúthú breise na gcomhábhar luaineach agus a scaradh ón bpas uiscí trí scinceáil. Uimhir CAS: 8016-63-5 Einecs: 283-911-8 Uimhir FEMA: 2321 Uimhir Chomhairle na hEorpa: 415 Sonraíochtaí: Aicéatáit lionailile: 55-78 % Lionaló-ól 6,5-25 % Germacra-1(10),4(14),5-triéin: 1-12 % α-Teirpiníól: 0-5 %	Gach speiceas ain- mhíoch	-	-	-	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ar lipéad an bhreiseáin, sonrófar an méid seo a leanas: ‘Uaschion molta na substainte gníomhaí in aghaidh an chileagraim d’ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: — 7 mg le haghaidh turcaithe lena ramhrú; — 5 mg le haghaidh sicíní lena ramhrú agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú; — 5 mg le haghaidh gach speicis d’eanlaith chlóis a thógtar le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin; — 5 mg le haghaidh éin ornáideacha; — 8 mg le haghaidh gach speicis d’eanlaith chlóis le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin, — 11 mg le haghaidh muca lena ramhrú; — 9 mg le haghaidh bainbh (bainbh diúil agus scoite) de gach speiceas <i>Suidae</i>;	6 Lúnasa 2035

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
		<i>Modh anailíse</i> ⁽²⁾ Maidir le haicéatáit lionailile agus lionaló-ól (marcóir fíticheimiceach) sa bhreiseán beathaithe a chinneadh: — crómatagrafaíocht gháis cúpláilte le brath ianúcháin lasrach (CG-BIL) (Pharmacopoeia Eorpach monagraf 1850)					— 9 mg le haghaidh muca de mhionspeicis <i>Suidae</i> lena ramhrú; — 14 mg le haghaidh gach speicis <i>Suidae</i> le haghaidh atáirgthe; — 15 mg le haghaidh laonna lena ramhrú suas le 6 mhí d'aois; — 15 mg le haghaidh caorach agus gabhar; — 15 mg le haghaidh eallach lena ramhrú, speicis athchogantaigh eile lena ramhrú seachas caoirigh, gabhair agus laonna lena ramhrú suas le 6 mhí; <i>Camelidae</i> lena ramhrú; — 13 mg le haghaidh gach speicis athchogantaigh eile agus gach speicis <i>Camelidae</i> eile; — 10 mg le haghaidh <i>Equidae</i>; — 8 mg le haghaidh <i>Leporidae</i>; — 20 mg le haghaidh salmainidí agus mionspeicis iasc eite; — 20 mg le haghaidh madraí; — 20 mg le haghaidh éisc ornáideacha; — 4 mg le haghaidh cat; — 4 mg le haghaidh speicis eile agus catagóirí eile.' 4. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar lipéad an réamh-mheascáin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis.	

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
							5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	

(¹) *Natural sources of flavourings - Report No. 2* ('Foinsí nádúrtha blastán - Tuarascáil Uimh. 2'] (2007).

(²) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaitithe								
2b414-eo	Bláthola sáiste	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin:</i> Bláthola ó dhuilleoga úra <i>Salvia officinalis</i> L. Foirm leachtach <i>Saintréithriú na substainte gníomhaí</i> Bláthola sáiste: Bláthola, mar atá sainithe ag An Chomhairle Eorpach ⁽¹⁾, a fhaightear ó dhuilleoga úra de <i>Salvia officinalis</i> L. trí ghaldriogadh agus comhdhlúthú breise na gcomhábhar luaineach agus a scaradh ón bpas uiscí trí scinceáil. Uimhir CAS: 8022-56-8 Einecs: 283-291--0 Uimhir FEMA: 3001 Uimhir Chomhairle na hEorpa: 414 Sonraíochtaí: α-Tújón: 18-27 % Camfar: 4-24,5 % 1,8-Ciníól (eocalaptól): 5,5-13 % β-tújón: 3-7 %	Gach speiceas ain- mhíoch	-	-	-	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ar lipéad an bhreiseáin, sonrófar an méid seo a leanas: ‘Uaschion molta na substainte gníomhaí in aghaidh an chileagraim d’ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: — 3 mg le haghaidh turcaithe lena ramhrú; — 3 mg le haghaidh sicíní lena ramhrú agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú; — 3 mg le haghaidh gach speicis d’eanlaith chlóis a thógtar le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin; — 3 mg le haghaidh éin ornáideacha; — 4 mg le haghaidh gach speicis d’eanlaith chlóis le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin; — 6 mg le haghaidh muca lena ramhrú; — 5 mg le haghaidh bainbh (bainbh diúil agus scoite) de gach speiceas <i>Suidae</i>;	6 Lúnasa 2035

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
		<i>Modh anailíse</i> ⁽²⁾ Maidir le camfar, alfa-tújón agus béite-tújón (marcóirí fíitcheimiceacha) sa bhreiseán beathaithe a chinneadh: — Crómatagrafaíocht gháis cúpláilte le brath ianúcháin lasrach (GC-FID) (ISO 9909)					— 5 mg le haghaidh muca de mhionspeicis <i>Suidae</i> lena ramhrú; — 7 mg le haghaidh gach speicis <i>Suidae</i> le haghaidh atáirgthe; — 11 mg le haghaidh laonna lena ramhrú suas le 6 mhí d'aois; — 10 mg le haghaidh caorach agus gabhar; — 10 mg le haghaidh eallach lena ramhrú, speicis athchogantaigh eile lena ramhrú seachas caoirigh, gabhair agus laonna lena ramhrú suas le 6 mhí; <i>Camelidae</i> lena ramhrú; — 7 mg le haghaidh gach speicis athchogantaigh eile agus gach speicis <i>Camelidae</i> eile; — 10 mg le haghaidh <i>Equidae</i>; — 4 mg le haghaidh <i>Leporidae</i>; — 11 mg le haghaidh salmainidí agus mionspeicis iasc eite; — 12 mg le haghaidh madraí; — 20 mg le haghaidh éisc ornáideacha; — 2 mg le haghaidh cat; — 2 mg le haghaidh speicis eile agus catagóirí eile.' 4. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar lipéad an réamh-mheascáin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis.	

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
							5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	

(¹) *Natural sources of flavourings - Report No. 2* ('Foinsí nádúrtha blastán - Tuarascáil Uimh. 2'] (2007).

(²) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.